Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9327/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0012(NLE)**

**POLCOM 172**
**COMER 69**
**RELEX 571**
**DUAL USE 36**
**RECH 198**
**ENER 210**
**ENV 469**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8944/24 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5788/24 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 23 – 24 Bealtaine 2024*<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le slándáil taighde a fheabhsú<br>– Glacadh |

1. An 24 Eanáir 2024, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an tslándáil taighde[1] a fheabhsú, mar chuid de phacáiste tograí ar an tSlándáil Eacnamaíoch.

2. Ba é príomhchuspóir an togra tacú leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí déanta taighde chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála taighde a eascraíonn as oscailteacht agus as comhar idirnáisiúnta, ar gnéithe dílse de ghníomhaíochtaí taighde iad.

[1] 5788/24.

3. Go háirithe, baineann na rioscaí a sainaithníodh sa togra leis na trí phríomhréimse a leanas:

(1) aistriú neamh-inmhianaithe eolais (teicneolaíocht íogair a d'fhéadfadh an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol dá n-úsáidfí chun críoch míleata a chomhroinnt);

(2) an trasnaíocht eachtrach (is féidir le stáit eile tionchar míchuí a imirt ar an oideachas acadúil agus ar an taighde acadúil chun insintí sonracha a scaipeadh nó chun tionchar a imirt orthu nó chun cuspóirí sonracha ar díol mór spéise iad do na tríú páirtithe a chur chun cinn);

(3) sáruithe eiticiúla nó ionracais (is féidir teicneolaíochtaí a úsáid freisin chun luachanna bunúsacha a chur faoi chois nó chun an bonn a bhaint díobh, san Aontas agus in áiteanna eile).

4. Phléigh Meitheal na Comhairle um Thaighde an togra ón gCoimisiún agus na trí théacs comhréitigh ón Uachtaránacht ina dhiaidh sin ag cruinnithe a bhí aici an 29 Eanáir, an 23 Feabhra, an 14 Márta agus an 9 Aibreán 2024.

5. Tar éis dhá nós imeachta neamhfhoirmiúla tosta, a tugadh chun críche an 12 agus an 16 Aibreán 2024 faoi seach, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an tríú téacs athbhreithnithe ón Uachtaránacht, agus imní fós á cur in iúl ag toscaireacht amháin (riail na vótála trí thromlach cáilithe).

6. Sainaithnítear sa dréacht-mholadh ón gComhairle gníomhaíochtaí agus bearta nithiúla atá le déanamh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun an tslándáil taighde a fheabhsú, agus é mar thúsphointe go bhfuil gá soiléir práinneach ann an fheasacht a mhúscailt agus an athléimneacht a chothú i measc taighdeoirí agus acadóirí ar fud na hEorpa.

7. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún araon liosta de 9 bprionsabal a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí beartais á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu chun feabhas a chur ar an tslándáil taighde. I ndáil leis an méid sin, tá sraith de 14 mholadh do na Ballstáit agus 11 mholadh don Choimisiún sa dréacht freisin.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an comhaontú ar thángthas air ar an leibhéal teicniúil maidir le téacs an dréacht-mholta ón gComhairle mar a leagtar amach in 9097/24 é a dhearbhú, agus imní fós á cur in iúl ag toscaireacht amháin, d'fhonn é a chur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais/Taighde lena ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 23 Bealtaine 2023 agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.